

Scéalta Cogaidh, Scéalta Ban: Réabhlóid na hÉireann i ngearrscéalta Mháiréad Ní Ghráda Síobhra Aiken (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

Cuireadh Máiréad Ní Ghráda i bpríosún Mhuinseo i 1920 mar gheall ar an tacaíocht phoiblí a léirigh sí don ghluaiseacht náisiúnach. Ach má cuireadh féin, ba bheag an chomaoin a chuir gníomhaíochas réabhlóideach na mban ar an ról a ceapadh dóibh sa Saorstát. Cé gur bhain Ní Ghráda clú amach di féin agus í ar an gcéad bhanchraoltóir raidió in Éirinn agus sa mBreatain, ruaigeadh as a post í i 1935 mar gheall ar an mbac a cuireadh ar mhná pósta sa státseirbhís. Go gairid ina dhiaidh sin, d'fhoilsigh sí an t-aon chnuasach gearrscéalta óna láimh, *An Bheirt Dearbhráthar agus Scéalta Eile* (1939), atá ar cheann de na cnuasaigh is suntasaí, i gceachtar de dhá theanga oifigiúla na tíre, a théann i ngleic le cogadh cathartha na hÉireann (1922-23). Sa bpáipéar seo, scrúdófar na straitéisí cumasaithe a tharraing Ní Ghráda chuici féin ina cuid próis le dúshlán mhórsceál fearúil na réabhlóide a thabhairt – agus go deimhin, dúshlán an Stáit féin.

Cérbh iad na Gaeil? Anailís ar bheathaí *Ainm.ie*

Úna Bhreathnach agus Gearóid Ó Cleircín (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

Bealach é Ainm.ie, an Bunachar Náisiúnta Beathaisnéisí Gaeilge, chun anailís chainníochtúil a dhéanamh ar fhíricí saoil na nGael suntasach ó 1490 anuas go dtí an lá inniu. Carbh as iad agus cá ndeachaigh siad? Cén t-oideachas a cuireadh orthu, agus cé na slite beatha a bhí acu? Ar athraigh na treochtaí seo ó ghlúin go glúin? An bhfuil na treochtaí seo ag teacht le ‘fíorstair’ na tíre agus na teanga, nó an léiríonn siad spéiseanna agus tosaíochtaí taighde na n-údar? An bhfuil dreamanna áirithe nach bhfuil cead isteach faighte acu nó atá níos imeallaí ná ba chóir dóibh a bheith? Tabharfar spléachadh ar na ceisteanna seo trí anailís a dhéanamh ar na meiteashonraí a bhaineann leis an 1,757 beatha atá sa bhunachar faoi láthair.

“What do we want with the Irish Language here?” An tAontachtas agus an Ghaeilge sa chéad leath den 20ú haois in Éirinn

Niall Comer (Ollscoil Uladh, Doire)

Baineann ábhar an ailt seo le taighde atá ar bun ag an údar le tamall ina ndéantar iarracht taifead agus anailís a dhéanamh ar mheon an Aontachtais i leith na Gaeilge in Éirinn roimh agus i ndiaidh na Críochdheighilte. In ainneoin go bhfuil taighde á dhéanamh i láthair na huair ar fhorbairtí le déanaí maidir le reachtaíocht teanga agus tuairimí i leith na Gaeilge beidh béim san alt seo go príomha ar an tréimhse 40 bliain ó dheireadh an 19ú haois go dtí lár na 1940í. Leagfar béim ach go háirithe ar an chur chuige córasach a cuireadh i bhfeidhm sna Sé Chontae a rinneadh a chríochdheighilt chun an Ghaeilge a scrios sa chóras oideachais agus ar na hiarrachtaí a bhí ar bun ag Comhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge chun dul i ngleic leis an dúshlán seo.

Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta agus Oireachtas na Gaeilge

Éamonn Costello (Ollscoil Luimnigh)

Idir 1970 agus 1972 d'eagraigh Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta trí cinn de Oireachtais ailtéarnacha -baisteadh Oireachtas na nGael orthu- i gceantair Gaeltachta faoi leith. Ó 1939 go 1973 bhíodh Oireachtas na Gaeilge ar siúl i mBaile Átha Cliath gach bliain, agus bhíodh ionadaí ón rialtas mar aoi speisialta gach bliain ag an bhféile, rud a chiall gur fhéach Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ar Oireachtas na Gaeilge mar chuid de Éire oifigiúil, Éire a bhí ag déanamh neamhaird iomlán ar phobal na Gaeltachta, dar leo. Cé go raibh imeachtaí faoi leith ar siúl ag an bhféile a bhí dírithe ar phobal na Gaeltachta ó 1940 suas go dtí tús na 1970idí, i ndáiríre ba cuid imeallach den Oireachtas na himeachtaí seo. Bhíodh fonnadóireacht sa stíl chlasaiceach i mbarr réime suas go dtí tús na 1970idí agus áitítear anseo gur siombail é an stíl seo don cineál fhealsúnacht iltíreach a bhí ag athbheochanóirí ag an am. Mar fhreagairt dhíreach ar Oireachtas na nGael chuir lucht eagraithe Oireachtas na Gaeilge féile na bliana 1974 ar siúl i gCois Fharraige, i gConamara. Sa bpáipéar seo, pléifear conas a chruthaigh feachtas Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ordlathas nua i saol na Gaeilge; mar gheall gur i nGaeltacht Chonamara is mó a bhí Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta ag feidhmiú, is beagnach gur féidir a rá gur ghlac muintir an cheantair seo seilbh ar Oireachtas na Gaeilge ó 1974 ar aghaidh, go mór mór sna comórtais amhránaíochta ar an sean-nós. Glacann níos mó fonnadóir as Conamara páirt sna comórtais amhránaíochta a reáchtáiltear ag an Oireachtas ná mar a ghlacann ó na ceantair Gaeltachta eile ar fad, rud a chiallaíonn go mbreathnaítear go minic ar Chonamara mar chroí lár an tsean-nóis, dearcadh a chothaíonn aighneas go minic idir lucht sean-nóis na gceantar Gaeltachta éagsúla.

'Tá sé imithe príobháideach. N'fheadar' - Ról an fhile chomhaimseartha Gaeilge

Shane Grant (Ollscoil Luimnigh)

Is mór an difríocht atá idir an file traidisiúnta agus an file comhaimseartha atá ag feidhmiú sa lá atá inniu ann. Bhain tábhacht agus stádas riamh leis an bhfile sa traidisiún Gaelach. Bhíodh ról lárnach poiblí agus cumhacht ag an bhfile Gaeilge agus lucht éisteachta acu dá bharr; *'pobal a raibh ionad cinnte gradamúil aige féin ann'* (Denvir 1997: 24).

Níl an cúlghrat céanna seo ag filí comhaimseartha na Gaeilge. Tá ár dtuiscint ar fhilí agus a bhfeidhm athraithe go mór. Tá ceird na filíochta níos príobháidí anois agus ní hann don *'chomhthionól fuinniúil fuinte a mbíodh an file ina urlabhraí ar a shon'* (Denvir 1997: 34). Is dóichí go gcloistear filí ag gearán faoi phatuaire an phobail i leith gcuid saothar ná a bheith ag trácht ar thionchar a bheith acu ar a bpobal (Nic Eoin 2005).

Tarraingíonn an páipéar seo ar mhionchuntas anailíseach a deineadh mar chás-staidéar ar agallaimh leath-struchtúrtha le seisear filí dhéag a bhfuil dlúthbhaint acu le Corca Dhuibhne agus Uíbh Ráthach. Dírithe ar pheirspictíocht na bhfilí seo maidir lena ról agus maidir leis an bpobal léitheoireachta nó éisteachta a shamhlaíonn siad atá ann dá saothar. Áitíonn na filí seo go bhfuil an fhilíocht mar chúram príobháideach dóibh agus ní thugann siad an oiread aitheantais don bpobal ina gcleachtas. Ní dóigh leis na filí go n-imríonn filí tionchar ar an bpobal áitiúil agus tá an cuma ar an scéal nach mbíonn fíor-spéis ag an bpobal, ar an mórgóir ina gcuid filíochta.

‘An dubhfhocal ina phioracháí’: Meafair Chasta i nGearrscéalaíocht Mháirtín Uí Chadhain trí Lionsaí Léacsas na Gaeilge agus Theoiric an Mheafair Choincheapúil

Hynek Janoušek (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

Déanfar cur síos ar an dúshlán séimeantach a bhaineann leis an tréith úd de stíl Mháirtín Uí Chadhain ar a dtugadh ‘meafar measctha’. Is gné shuntasach d’fhinnscéalaíocht an Chadhnaigh iad na meafair chasta úd a chuireann mearbhall ar léitheoirí áirithe. Is féidir diúltú don dúshlán agus na meafair sin a chomhaireamh ina locht i stíl an Chadhnaigh, de réir mar a rinne Seán Ó Tuama. Breathnófar ar roinnt meafar de chuid an Chadhnaigh ar shlí iomasach .i. glactar leis an dúshlán séimeantach agus iniúchtar na meafair i solas an bhunchuspóra a chuir an t-údar roimhe – ‘biseach beag’ a bheith ina dhiaidh ar a theanga dhúchais. Áitítear gur nuáil bhríomhar shéimeantach ar bhonn acmhainneacht fhíorach na Gaeilge a bhí an scríbhneoir ag iarraidh a chur i gcrích. Tá gá le modh córasach chun feidhm nuálach seo na meafar a scrúdú. Baintear úsáid as teoiric Paul Ricoeur a d’aithin an meafar mar phríomhmhodh nuálaithe theangeolaíoch agus déantar an dearcadh seo a chomhtháthú le teoiric na meafar coincheapúil agus le fianaise léacsas na Gaeilge.

Caoineadh an Bhanphrionsa Gwendolina Borghese, máthair bhochtáin na Róimhe

Mícheál Mac Craith (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh / Ollscoil Notre Dame)

An Carnabhalachas i gcoinne na hEantrópachta in Cré na Cille

Radvan Markus (Ollscoil Shéarlais, Prág)

Aontaíonn an chuid is mó de lucht na critice gur sárshaothar grinn anchúinsigh é Cré na Cille. Breathnóidh an páipéar seo ar an anchúinseacht seo ar bhonn teoiriciúil, ag leanúint na dtreoirilínte a leag an teoiriceoir Rúiseach Mikhail Bakhtin síos. De réir Bakhtin, tá an anchúinseacht (nó an carnabhalachas, mar a thugann sé uirthi) ceangailte le timthriall na beatha – íslíonn an carnabhal na rudaí uaisle go leibhéal na talún, áit a bhfaigheann siad bás agus athnuachan ag an am céanna. Tá an timthriall seo – sa dúlra, i mbeatha an duine agus sa chultúr – ar cheann de phríomhthéamaí an Chadhnaigh. Go minic ina shaothar, áfach, léiríonn sé an t-imní go rachaidh an timthriall chun donachta nó go stopfaidh sé ar fad; i bhfocail eile, go bhfaighidh an eantrópacht an lámh uachtair ar an bhfás agus ar an bhforbairt. Is é guth an Stoic in Cré na Cille guth an mheathlaithe, an dreoite, na heantrópachta. Áitíonn an páipéar go n-oibríonn caint charnabhalach na gcarachtar eile mar fhórsa i gcoinne theachtaireacht ghruama an Stoic. Na briatharchathanna idir na coirp, fiú, tugann siad beocht go dtí an chill agus cuireann siad obair na heantrópachta ar athlám. Feictear an próiseas céanna i saothar Samuel Beckett, cé go bhfuil sé siúd i bhfad níos éadóchasaí. In Cré na Cille, éiríonn leis an gcarnabhalachas go pointe – sa naoiú agus sa deichiú eadarlúid, maolaítear ar theachtaireacht an Stoic agus claochlaíonn sé, ar bhealach, ó ghuth údarásach “diaga” go guth i measc guthanna eile.

Jabanna agus Forbairt: Dlisteanacht na fiontraíochta agus Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta

Emer Ní Bhrádaigh (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

‘Ní Tithe Furbó ach Láthair Tionscail chomh mór le Láthair na Sionainne’ a bhí ar cheann de na póstaer ag Peadar Mac an Iomaire nuair a sheas sé sa todhchán sa bhliain 1969. Freisin, ar cheann de na haidhmeanna a bhí ag Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta bhí:

‘Deireadh a chur le díol mhaoin an phobail - go neamhshrianta le fiontraíthe, mar go bhfuil leas an chomhludair níos tábhachtaí ná ábharachas an duine phríobháidigh, [agus] ina theannta sin nach gcaithfí airgead stáit ar na dream seo atá ag cabhrú le creimeadh na tsaol Ghaelaigh’. An bhféadfaí láthair mhór tionscail le jabanna a raibh géarghá leo a fhorbairt gan fiontraíthe?

Bhí alán fiontraíochta i gceist le, agus i, nGluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta. Sa pháipéar seo déantar scrúdú ar an gcomhthéacs tionsclaíochta agus fiontraíochta a bhí i réim i ndeireadh na 1960í sa Ghaeltacht agus sa stát i gcoitinne. Déantar plé ar ghnéithe den chaipiteal fiontraíochta - caipiteal daonna, caipiteal sóisialta agus caipiteal síceolaíoch go háirithe - agus na dúshlán a bhí ann fiontraíocht dhúchasach a chothú sa Ghaeltacht. Déantar plé ar dhilsteacht chognaíoch agus shoch-pholaitiúil na fiontraíochta i bpobal na Gaeltachta i gcomhthéasc na fiontraíochta tuaithe agus na fiontraíochta sóisialaí.

Drámaíocht na Gaeilge mar chleachtas ealaíne mhionlaigh

Marianne Ní Chinnéide (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

Díríonn an páipéar seo ar chonas teorric na haiteach agus an teoiricí idirchultúrtha ó thaobh na drámaíochta de a mhapaíl ar dhrámaíocht na Gaeilge. Ní minic a bhreathnaítear ar dhrámaíocht na Gaeilge tríd lionsa an teanga mhionlaigh sa stát, mar shámpla ag an Comhairle Ealaíon ná ag Amharclann Náisiúnta na tíre. Cé go bhfuil stádas bhunreachtúil na Gaeilge láidir sa tír seo ní mar seo atá sé ar stáitsí gairmiúla. Tá ceisteanna cothroime ann do mhuintir na Gaeilge agus na gaeltachta le go mbeidh cead tugtha dóibh Gaeilge a úsáid mar theanga labhartha ar an stáitse gairmiúil.

I 2017 bhronn Amharclann na Mainistreach dámhachtain 5x5 ar an chomhchoiteann ealaíona ‘Garraí an Ghiorria’. An t-aidhm a bhí ar an scéim seo ná deis a thabhairt do phobail a mhothaíonn imeallaithe agus go bhfuil cuisle na cainte dúnta orthu ar phríomh stáitsí na tíre seo. Grupaí eile a bhain an onóir seo amach na ‘Moyross Community Drama’ agus ‘Adapt Domestic Abuse Service’, ‘Shadowbox’ – comhchoiteann ealaíontóirí le mhíchumais intleachtúla, ‘Pavee Point’ agus ‘Discovery’ – choir idirchultúrtha. Athraíonn an t-aitheantas seo an scéal náisiúnta ó thaobh na healaíona Gaeilge agus tugann sé féidireachtaí nua do dhrámaíocht na Gaeilge ar stáitsí ár linne. Leis an bpáipéar seo, beidh mé ag argóint go láidreoidh modheolaíochta taighde a bhaineann le phobail mionlaigh eile, ar nós teorric na haiteach agus teorric an idirchultúras, drámaíocht na Gaeilge agus déanfaidh sé an saothar seo níos . Tríd anailís a dhéanamh ar saothar Garraí an Ghiorria go príomha tríd na frámaí a thugann acadúlaithe ar nós Charlotte McIvor, Elizabeth Freeman and Judith Halberstam.

'Come all you tender Christians': Stiofáinín Eochla, Tadhg S. Seoighe, agus an dá *Aill na nGlasóg*

Deirdre Ní Chonghaile (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

Ar 15 Lúnasa 1852, tharla báthadh mór in Árann. Scuab maidhm mhór cúig feara déag den charraig faoi Aill na nGlasóg i mbaile fearainn Iaráirne i gCeann Thoir an oileáin áit a rabhadar ag iascach. B'as Iaráirne d'fhear amháin agus b'as Cill Éinne don chuid eile. Chaill trí teaghlach beirt mhac an ceann agus ba comharsan béil dorais dhá theaghlach díobh seo. Is cosúil nár frítheadh aon cheann de na coirp ariamh. Maireann cuimhne na heachtra go fóill: i gcaint na ndaoine; ar leac cuimhneacháin na mbá a nochtadh i gCill Éinne i 2002; agus freisin sa stór áitiúil amhrán. Pléifear sa chaint seo mar a spreag cuimhne na heachtra beirt chun ceapadóireachta: file de chuid an oileáin, Stiofáinín Eochla Ó Flaithbheartaigh; agus fear as Baile an Locháin gar do chathair na Gaillimhe, an scríbhneoir Tadhg S. Seoighe, iar-phóilín a chaith seal in Árann ina fho-ghníomhaire. Déanfar an bailéad Béarla agus an t-amhrán Gaeilge agus na difríochtaí eatarthu a mheas. Pléifear céard a cheaduigh traidisiúin na dteangacha éagsúla do na cumadóirí agus iad ag cur síos ar scéal áitiúil. Ar deireadh, pléifear mar a mhair na hamhráin seo sa stór áitiúil in éadan bhánú an oileáin.

'Chernobyl an Chroí Chéasta': 'An Taibhse Adamhach' agus cearta an duine i bhFilíocht Chomhaimseartha na Gaeilge

Laoighseach Ní Choistealbha (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

I réamhrá an leabhair *Atomic Ghost: Poets Respond to the Nuclear Age*, déanann eagarthóir an chnuasaigh, John Bradley, cur síos suntasach ar cumas na filíochta ceisteanna íogaire a bhaineann le cogáocht núicléach san fhichiú haois a chíoradh. Tugann na dánta, dar leis, léargas ar leith don léitheoir ar na 'taibhsí' adamhacha a ghnáthaíonn ár dtuiscintí ar fhulaingt an duine, ar fhulaingt na timpeallachta, agus ar fhulaingt an domhain sa lá atá inniu ann:

'[The atomic ghosts] haunt us in many ways. There is the fear for the safety of family and children and our children's children. There is fear for the survival of the planet [...] The poems speak eloquently on all these topics and more, exposing how nuclear fear has settled into the very marrow of our bones'. (Bradley, 1995)

Níl file Gaeilge ar bith san áireamh sa chnuasach áirithe sin. Ach i gcorpas fhilíocht na Gaeilge, léirítear go ndeachaigh neart filí i ngleic leis an téama núicléach; tá 'Aifreann na Marbh', dán fada liotúirgeach a phléann séideadh Hiroshima sa bhliain 1945, ina eiseamláir den chineál filíochta seo. Ach tá dánta eile i gcorpas na Gaeilge a chaitheann súil ghéar ar an ré núicléach agus ar thorthaí na ré sin, in Hiroshima agus in Chernobyl. Díreoidh an páipéar seo ar an dearcadh a thugtar ar chearta an duine sna dánta, agus ar na himpleachtaí atá le sonrú sna dánta maidir le todhchaí agus le ciontacht an chine daonna.

Cúrsaí Inscne i Litríocht Ghaeilge na nÓg

Róisín Ní Mhulláin (Coláiste San Aingeal)

Sa chaint seo tá sé i gceist agam breathnú ar an gcineál ide-eolaíochta a bhí á chur chun cinn i litríocht na n-óg maidir le léiriú agus le ról na mban. Tabharfar aghaidh ar cheisteanna féiniúlachta agus cultúir agus breathnófar ar an bhforbairt maidir le léiriú na mban i saothair luaithe Chonradh na Gaeilge, saothair luaithe an Ghúim agus saothair Uí Shándair sna 1940idí agus 1950idí. Déanfar tagairt de mhúnlaí agus de sheánraí impiriúla i scéalta eachtraíochta agus irisí mangaire na Breataine chomh maith. Díreofar go sonrach ar Chathal Ó Sándair, mórscríbhneoir na tréimhse a bhí go mór chun tosaigh ar an ré inar mhair sé agus ar shamhlú na hÉireann mar thír neamhspleách iarchoilíneach, ar fhéiniúlacht nua-Éirinn a chur chun cinn ach feictear gur léiriú coiméadach agus imeallach a thugtar de mhná agus seo mar mhacalla ar chúrsaí sóisialta agus polaitiúla na tíre sna 1940idí agus 1950idí.

‘Ó *Schneewittchen* go *Plúirín Sneachta*’: an scéal iontais ATU 709 i dtraidisiún béil na hÉireann

Ailbhe Nic Giolla Chomhaill (Ollscoil Luimnigh)

Tá 63 leagan éagsúil den scéal iontais a rangáitear mar *Snow White* nó Aarne Thompson Uther 709 i gcatalog idirnáisiúnta na scéalta béaloidis ar buanchoimeád i gCnuasach Bhéaloideas Éireann sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Ina measc seo tá insintí de *Snow White* a thaifead bailitheoirí lánaimseartha agus páirtaimseartha Choimisiún Béaloideas Éireann ó scéalaithe i gceantair Ghaeltachta na tíre idir na 1930idí agus na 1970idí; leaganacha den scéal a bhreac páistí scoile síos faoi choimirce Bhailiúchán na Scol idir 1937 agus 1939; agus aistriúcháin Ghaeilge ar an scéal Ghearmánach *Schneewittchen*, a chuir na deartháireacha Wilhelm agus Jakob Grimm i gcló den chéad uair sa chnuasach iomráiteach *Kinder- und Hausmärchen* sa bhliain 1812. Mar atá aitheanta ag Éilís Ní Dhuibhne, is dóichí ná a mhalairt go bhfuil bunús liteartha ag na hinsintí de *Snow White* a bhfuil taifead díobh i gCnuasach Bhéaloideas Éireann (2012, 14), rud a fhágann nach síneann fréamhacha an scéil seo siar anfhada i dtraidisiún béil na hÉireann. Sa pháipéar seo, déantar léamh comparáideach ar insintí de *Snow White* a bailíodh ó scéalaithe Gaeltachta agus ar “bhunfhoirmeacha” an traidisiúin liteartha, d’fhonn léargas a thabhairt ar na hathruithe a tháinig ar an scéal agus é á chur in oiriúint do chomhthéacs cultúrtha na hÉireann san fhichiú haois. Tarraingítear ar theoiricí ó léann an scéil iontais agus ó léann na hinscne chun an cheist seo a spíonadh.

‘Ní mian liom bheith im’ *bhollox* níos mó’: An Fhearúlacht agus an Fhreagracht in *Ón mBarr Aníos* le Séamus Barra Ó Súilleabháin agus in *3CAG* le Kneecap
Stiofán Ó Briain (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath)

Sa pháipéar seo déanfar anailís ar chnuasach dánta béalaithriste le Séamus Barra Ó Súilleabháin dar teideal *Ón mBarr Aníos* agus ar an gcéad albam leis an ngrúpa rapcheoil Kneecap dar teideal *3CAG*. Saothair spleodracha, agus i gcás Kneecap, chonspóideacha is ea an dá bhailiúchán seo; saothair a bhaineann leas as cumhacht an fhocail labhartha le dúshlán ghnáthrialacha na sochaí a thabhairt. Sa pháipéar seo fiosrófar coincheap na fearúlachta mar a léirítear é i ndánta Shéamuis Bharra agus i gceol Kneecap agus scrúdófar ceist na freagrachta sa dá bhailiúchán chomh maith. Féachfar ar an gcaoi a bpléann an dá shaothar seo le fadhbanna sóisialta sa saol comhaimseartha agus ar an tslí a bhfreagraíonn siad is a dtéann siad i ngleic leis na fadhbanna seo. Cuirfear na modhanna freagartha a léirítear sa dá shaothar seo i gcomparáid lena chéile agus pléifear an gaol idir nihileachas ainrialach ar thaobh amháin agus freagracht shóisialta ar an taobh eile.

Tógfaidh an páipéar seo ar pháipéar a tugadh ag Comhdáil na Gaillimhe 2018 an ar bhfireannachas nimhneach sa chnuasach filíochta *Beatha Dhónaill Dhuibh* le Séamus Barra Ó Súilleabháin.

Gníomhaíocht Ghaeltachta ó bhunú an tSaorstáit anall
Éamon Ó Ciosáin (Ollscoil na hÉireann, Má Nuad)

Féachfaidh an chaint seo ar eagrais agus gluaiseachtaí a d’fhás as pobail Ghaeltachta i réigiúin éagsúla ó aimsir an chéad Choimisiún na Gaeltachta a d’fhiosraigh cás na nGaeltachtaí agus a rianaigh na ceantair agus na teorainneacha na limistéir oifigiúla Gaeltachta. Scrúdófar modh oibre, imeachtaí agus éifeacht na ngrúpaí éagsúla a raibh an t-ainm Muintir na Gaeltachta orthu, Gluaiseacht Chearta Sibhialta na Gaeltachta, Cumhacht, agus gníomhaíochtaí agóide pobail (Anraí Ó Córdúibh in Iorras, an Cadhnach agus muintir Ráth Chairn sna 1960idí). Léireofar cuid de chaidreamh na bpobal sin leis an stat, le eagrais de chuid an stáit agus le eagrais Ghaeilge taobh amuigh den Ghaeltacht.

Foilsitheoireacht i mBreatnais agus i nGaidhlig in Éirinn san ochtu céad déag

Niall Ó Cíosáin (Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)

I scéal fad-théarmach na Gaeilge agus a meath, pléitear go minic a laghad a cuireadh i gcló sa teanga idir an seachtú céad déag agus an naoú céad déag. Tá míniúcháin éagsúla ag lucht staidéar na staire agus na litríochta ar seo. Ina measc tá an tuairim, curtha chun tosaigh ag L.M. Cullen go háirithe, nach raibh clódóirí in ann téacsanna Gaeilge a láimhseáil go héasca mar gur gnó cathrach a bhí sa chlodóireacht agus gurb é an Béarla teanga na cathrach agus gurb í an Ghaeilge teanga na tuaithe.

Déanann an chaint seo an cheist a phlé trí shúil a chaitheamh ar an gclódóireacht a déanadh in Éirinn i dteangach eile arís. Cuireadh níos mó téacsanna i gcló i mBreatnais i mBaile Átha Cliath sna 1740í ná mar a cuireadh i nGaeilge, agus leanadh leis an bpatrún seo sna 1760í. Mar an gcéanna, foilsíodh dhá dhíolaim filíochta Gaidhlig i gCorcaigh agus i nGaillimh. Is féidir a cheistiú, dá bhrí sin, gur scil teangan a bhí ag cur bac ar fhoilsitheoirí leabhra Gaeilge a chur i gcló.

An Sruthán Draíochta – Filíocht Mhichíl Uí Ghaoithín i gCnuasach Bhéaloideas Éireann

Séamus Barra Ó Súilleabháin (Scoláire neamhspleách)

Is fada Mícheál Ó Gaoithín ina ábhar iontais ag lucht léinn na Gaeilge. Is mó rian a d'fhág sé ar a chonair chruthaitheach idir an cultúr béil as ar fáisceadh é agus an domhan litríochta inar bhláthaigh sé agus níl tuiscint ar chomhthéacs a shaothair le fáil ina iomláine i gceachtar réimse seachas a chéile. Pléann an páipéar so na cleachtais fhilíochta a thuill dó an gradam 'An File' a bheith á thabhairt air i measc na ndaoine. Tá samplaí iomadúla d'fhilíocht neamhfhoilsithe leis le feiscint ar litreacha, ar phictiúir, ar chlúdaigh leabhair agus fiú amháin sna himleabhair a sholáthraigh sé do Choimisiún Béaloideas Éireann agus é ar dualgas mar bhailitheoir páirtaimseartha idir 1956 agus 1963. Nochtar sna dánta (agus sna nótaí mínithe a chuir sé leo) cad é mar shaghas meoin a bhí aige i dtaoibh a ghairme. Faightear léargas ar phróiseas cumadóireachta a bhí múnlaith ag tuiscintí dúchasacha ar ról file. Pléifear dánta nár foilsíodh agus cén fáth nach raibh aon dul as aige ach an 'sruthán draíochta' a thagadh air a cheapadh agus a bhreacadh síos i lámhscríbhinní le seoladh uaidh go dtí a chuid pátrún sa Choimisiún, pé acu ar lorgaíodar nó nár lorgaíodar air é.

Athbheochan agus na Meáin: Spléachadh Astrálach

Regina Uí Chollatain (Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath)

‘The sentiment “Ireland a nation” finds an echo in the hearts of the “sea-divided Gael”. In the cradle land of this race the Gaelic League is helping to make this sentiment a living reality. This League created a new life in Ireland and has taught the people that one of the attributes of Nationality is a distinctive tongue.’ (*The Melbourne Advocate* 16/3/1907).

Seo an chéad tagairt d’Athbheochan na Gaeilge in eagarfhocal sa *Melbourne Advocate* i dtréimhse na hathbheochana. Ríomhann ‘Gaelic Column’ an nuachtáin seo croíphrionsabail na hathbheochana sa phlé a chuirtear i láthair ar an nasc idir náisiúntacht agus teanga, idé-eolaíocht na hathbheochana agus an nasc domhanda a lig do na Gaeil ‘[to] find that they can live as comfortably in Ireland as they can in any other country in the world’ (Ibid.). Ach go minic bhí forbairt an ghréasáin chumarsáide seo ag brath ar cheannródaithe aonair agus bhí an Dr Nicholas O’Donnell ar na hathbheochanóirí idirnáisiúnta seo. Sa chaint seo déanfar scagadh ar ábhar nuachtáin agus ar fhoinní Gaeilge in arcív Uí Dhomhnaill (Melbourne) chun léargas a fháil ar chomhthéacs agus ar chúla ghluaiseacht na hathbheochana Gaeilge san Astráil.

Saol Siúlach Guagach Sheosaimh Mhic Ghrianna

Gearóidín Uí Laighléis (Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath)

Is maith mar a thuig Seosamh Mac Grianna an chiall a bhí leis an bhochtanas agus é ina chónaí i mBaile Átha Cliath sna 20í, 30í agus 40í. Tugann an léacht seo spléachadh dúinn ar an saol a bhí aige agus ar an ábhar a bhí á scríobh aige sa tréimhse sin. Cuid bhunúsach dá shaol ba ea an ghluaiseacht, tóraíocht rud éigin nárbh eol dó féin, b’fhéidir, agus d’fhan sé i níos mó ná 25 teach lóistín agus é ar a shiúlta dó i mBaile Átha Cliath. Duine coséadrom a bhí ann i gcaitheamh a shaoil, ach má bhí sé coséadrom, is minic go raibh a chroí trom le buairt, agus a aigne trom le crá ach dá mhéid an chráiteacht a d’fhulaing sé is amhlaidh nár chuir sé srian lena chuid cumadóireachta.

Bainfear úsáid as léarscáil idirghníomhach a leanann turas Sheosaimh ó 1928 ar aghaidh sa chaint seo chun an saol siúlach guagach corraitheach a bhí aige a chíoradh agus a phlé, saol a chuidigh lena thuiscint ar an aicme a bhí buailte síos. Caithfear súil ar chuid den saothar a scríobh sé ag an am, idir phrós agus aistriúcháin agus idir ailt agus léirmheasanna, saothar a léiríonn dúinn cuid den intinn luaineach agus den tuiscint shóisialta a bhí aige.